**RABHADH**
**CAITHFEAR an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

# Gnó – Ardleibhéal

**(400 marc)**

**DÉARDAOIN 14 MEITHEAMH – MAIDIN 9:30–12:30**

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A)** **Ocht** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i ROINN 2**

**AGUS**

**(C)** **Ceithre** cheist as **ROINN 3** mar seo a leanas:
Ceist **Amháin** as **Cuid 1**,
**Dhá** cheist as **Cuid 2**
agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Múnla an áireamháin a úsáideadh:**

**Ná déan dearmad an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an bhfreagarleabhar ina mbeidh na freagraí ar Roinn 2 agus Roinn 3.**

## ROINN 1

**(80 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**
**Ná déan dearmad an scrúdpháipéar seo a chur ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar.**

**1.** Líon isteach an focal cuí chun **gach ceann** de na ráitis seo a leanas a chríochnú.

(i) Cineálacha cúitimh is ea A__________________, earraí in ionad agus deisiúchán atá ar fáil don tomhaltóir faoin **Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980**.

(ii) Soláthraíonn an ___________________________________ réiteach ar aighnis tomhaltóirí agus is féidir leis cúiteamh suas le €2,000 a bhronnadh.

(iii) Tugann an téarma **de mhianach inmhargaidh** sna dlíthe tomhaltais le tuiscint go bhfuil earraí tomhaltais ar chaighdeán réasúnta ag féachaint dá __________________________

______________________________________________.

(iv) Is é an ______________________________________________ atá freagrach as comhlíonadh an dlí tomhaltais a fhiosrú, a fhorfheidhmiú, agus a spreagadh.

(v) Sonraítear san **Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980** go soláthróidh gach soláthraí seirbhíse an tseirbhís le ______________________________________________.

**2.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** impleacht do ghnólacht a bhaineann le hathrú ó struchtúr feidhmiúil eagraíochta go dtí struchtúr maitríse.

(i) ____________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

(ii)____________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**3.** Cuir ciorcal thart ar an **rogha cheart** i n**gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

(i) Is cineál ***fás neamhorgánach / fás orgánach*** é éadáil (táthcheangal).

(ii) I gcás cumaisc, ***trádálann gnólachtaí faoina n-ainmneacha féin / cruthaítear eintiteas nua dlíthiúil.***

(iii) I gcás comhghuaillíocht straitéiseach, roinneann gnólachtaí saineolas, agus is comhaontú **buan / *sealadach*** é.

(iv) Is féidir fairsingiú a mhaoiniú le caipiteal fiachais ***a chuimsíonn/ nach gcuimsíonn*** gnáth-scairchaipiteal.

(v) Sainmhínítear barainneachtaí scála mar laghdú ***ar an gcostas aonaid (an meánchostas) / ar na costais iomlána*** de réir mar a mhéadaítear an t-aschur.


**4.** Is liosta de théarmaí airgeadais atá i g**colún 1**. Is liosta de mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí airgeadais sin atá i g**colún 2**.
(*Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d'aon cheann de na téarmaí airgeadais sin.*)

| **Colún 1: téarmaí** | | **Colún 2: míniúcháin** | |
|---|---|---|---|
| 1. | Léasú | A. | Áis ar chuntas reatha a cheadaíonn duit teacht ar chistiú suas go dtí leibhéal comhaontaithe os cionn do d'iarmhéid iarbhír. |
| 2. | Fruilcheannach | B. | Deonachán airgid a thugann eagraíocht i gcomhair cuspóir sonraithe ar choinníoll go sásaítear coinníollacha áirithe. |
| 3. | Rótharraingt | C. | Fiachas trádála a dhíol le tríú páirtí ar lascaine. |
| 4. | Deontas | D. | Sócmhainn a cheannach ina ghálaí thar thréimhse ama. |
| 5. | Creidmheas Trádála | E. | Sócmhainn a fháil ar cíos ach gan úinéireacht a bheith agat riamh uirthi. |
| | | F. | Earraí a fháil ó sholáthraithe agus íoc astu níos déanaí. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**5.** Déan staidéar ar an mbarrachairt thíos, a léiríonn trádáil infheicthe tíre ó mhí na Bealtaine go dtí mí Lúnasa 2017.




(i) Ainmnigh an mhí ina raibh an leibhéal ab airde easpórtálacha sofheicthe. ____________

(ii) Ainmnigh an mhí ina raibh an **comhordú trádála** ba mhó.________________________

(iii) Mínigh an téarma **ionadú iompórtálacha**. ___________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

6. Déan staidéar ar an tábla thíos agus líon isteach na figiúirí a seasann na litreacha **A, B, C, D agus E** dóibh.

| **Díolacháin (aonaid)** | **Praghas Díola (in aghaidh an aonaid) (€)** | **Costais Sheasta (€)** | **Costais Athraitheacha (€)** | **Costais iomlána (€)** | **Ioncam Iomlán (€)** | **Brabús/ Caillteanas (€)** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **0** | **20** | 360,000 | 0 | 360,000 | 0 | **E =** |
| **30,000** | **20** | **A =** | 240,000 | 600,000 | **D =** | 0 |
| **50,000** | **20** | 360,000 | **B =** | **C =** | 1,000,000 | 240,000 |

7. **(a)** Mínigh an téarma **caipiteal oibre**.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhadhb a bhíonn ann mar gheall ar gan go leor caipiteal oibre a bheith ag gnólacht nuathionscanta.

(i) __________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(ii) __________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

8. Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint atá agat ar an b**príobháidiú** agus ar an **dírialáil** mar pholasaithe rialtais.

**Príobháidiú:** ___________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**Dírialáil:** _______________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**9.** Scríobh **Fíor** nó **Bréagach** i ndiaidh **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

| | **Ráiteas** | **Fíor nó Bréagach** |
|---|---|---|
| 1. | Toghann saoránaigh an AE an Coimisiún Eorpach go díreach. | |
| 2. | Tá ballraíocht san Eurozone riachtanach do shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí, daoine agus caipitil idir ballstáit an Aontais Eorpaigh. | |
| 3. | Dlí is ea 'Treoir' atá infheidhmithe i mBallstáit uile an Aontais Eorpaigh le héifeacht láithreach. | |
| 4. | Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh príomhchomhlacht cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh. | |
| 5. | Sa phróiseas comhchinnteoireachta roinneann Parlaimint na hEorpa an chumhacht reachtach le Comhairle an Aontais Eorpaigh. | |

**10.** Déan idirdhealú idir **oiliúint ionduchtúcháin (oiliúint intreorach)** agus **forbairt foirne.**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Ná déan dearmad an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an bhfreagarleabhar ina mbeidh na freagraí ar Roinn 2 agus Roinn 3.**

# ROINN 2

**(80 marc)**

**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 5, 6 agus 7.**

**CEIST AR AN nGNÓ FEIDHMEACH**



## *An Glasbhealach Ceilteach*

In 2015 a osclaíodh an Glasbhealach Ceilteach go hoifigiúil. Is conair rothaíochta agus siúil é atá 30 km ar fad agus atá saor ó thrácht. Tógadh é feadh líne iarnróid thréigthe. Obair a bhí i dtionscadal an Ghlasbhealaigh a rinne grúpa áitritheoirí ó shráidbhailte agus ó bhailte móra a bhí ag iarraidh é a fhorbairt mar áis don phobal. Nascann an Glasbhealach bailte móra, sráidbhailte agus áiteanna ar díol spéise iad ó thaobh an dúlra de. Chuir an rialtas áitiúil cuid mhaith den mhaoiniú ar fáil. Thóg cuideachta thógála áitiúil an bealach in imeacht trí bliana.

Ó cuireadh an bealach sábháilte tarraingteach seo ar fáil, tá fás mór tagtha ar an líon daoine áitiúla a bhíonn ag rothaíocht, ag siúl agus ag bogshodar. Is fearr a aithnítear anois go bhfuil an rothaíocht ina mhód fíorthábhachtach chun tionchar na modhanna iompair ar an gcomhshaol a laghdú agus chun nósanna maireachtála níos sláintiúla agus níos cothroime a chur chun cinn. Is áit an-mhaith é an Glasbhealach i gcomhair gasóga atá ag iarraidh suaitheantais fiúntais a bhaint amach agus tionscadail dheonacha a dhéanamh. Chomh maith leis sin, tá cuairteoirí tagtha chuig an gceantar ó áiteanna thar lear agus tá breis éilimh ar chaiféanna agus ar lóistín in óstáin áitiúla agus in ionaid Leaba agus Bricfeasta feadh an bhealaigh.

Is fear gnó sa phobal é Luke Breen agus is rothaí díograiseach é. Thug sé faoi deara nach raibh de rogha ag turasóirí ó thar lear a bhí ag úsáid an Ghlasbhealaigh ach é a shiúl mar nach bhféadfaidís rothair a fháil ar cíos go háitiúil. D’fhiosraigh sé ar líne agus fuair sé amach go raibh fás ar dhíolachán rothar i roinnt mhaith de thíortha na hEorpa, Éire ina measc. Léirigh sin go raibh níos mó suime ag daoine sa rothaíocht agus i saoirí rothaíochta anois. Léigh sé taighde a d’fhoilsigh Cumann Gnó Rothair na hÉireann faoi na cineálacha éagsúla rothair a bhí oiriúnach do thír-raonta éagsúla sular cheannaigh sé rothair chun iad a ligean amach ar cíos. Rinne Luke suirbhé ar úsáideoirí an Ghlasbhealaigh thar thréimhse dhá lá chun eolas a bhailiú faoi chomh sásta agus a bhí siad leis an nGlasbhealach. D’oibrigh sé chun Gné Uathúil Dhíolacháin (GUD) a fhorbairt don smaoineamh a bhí aige. Bunaithe ar an méid a dúirt na húsáideoirí leis, dhear sé treoir don Ghlasbhealach agus tharraing aird ar áiteanna feadh an bhealaigh a bhí inspéise ó thaobh na staire de. Thriail sé seirbhís rothar ar cíos i gcathair in aice láimhe agus bhain úsáid as ‘tobshiopa’ ar bhonn sealadach. Chuir sé feabhas ar an tseirbhís, bunaithe ar mholtaí ó chustaiméirí. Ansin, i samhradh 2016, sheol sé *Rothair an Ghlasbhealaigh,* seirbhís rothar ar cíos.

D’aithin Luke go raibh deis ann a sheirbhís rothar ar cíos a chur chun cinn i margaí thar lear. Bhí buiséad beag aige i gcomhair feachtas margaíochta domhanda. Bhain sé úsáid as ardáin dhigiteacha nuair a bhí sé ag déanamh fógraíocht idirnáisiúnta chun a ghnó a chur chun cinn mar gheall ar chostas na meán traidisiúnta fógraíochta mar an teilifís, an raidió, na nuachtáin, etc. Tuigeadh dó nár mhór a ainm branda a oiriúnú chun aird a tharraingt ar a GUD. Rinne sé an gnó a athbhrandáil mar *Chonairí Rothar na hOidhreachta Ceiltí* ar a láithreáin líonraithe shóisialta agus chuir an bhéim ar thurasóireacht eachtraíochta amuigh faoin aer. Díoltar pacáistí éagsúla ar an suíomh gréasáin agus bíonn tairiscintí speisialta ar fáil dóibh siúd a dhéanann áirithint luath. Is féidir glacadh le híocaíochtaí in airgeadraí éagsúla ar an suíomh gréasáin agus tá an suíomh ar fáil i roinnt teangacha éagsúla. Bhí grúpa turasóirí as an tSín a thóg 20 rothar ar cíos ar na chéad dreamanna a rinne áirithint. Chuir Luke turas treoraithe ar láithreacha stairiúla áitiúla san áireamh ina bpacáiste. Tá fonn ar Luke tuilleadh deiseanna a thapú chun an gnó a fhairsingiú go háitiúil agus go hidirnáisiúnta.

**Ceisteanna ar Leathanach 7** →

**(A)** (i) Léirigh na buntáistí eacnamaíocha a bhaineann leis an ***nGlasbhealach Ceilteach*** don **earnáil thánaisteach** agus don **earnáil threasach (seirbhísí)**.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste shóisialta a bhaineann le tionscadal an **Ghlasbhealaigh Cheiltigh**. (20 marc)

**(B)** (i) Mínigh an téarma **taighde margaidh**.

(ii) Déan measúnú ar na cineálacha éagsúla taighde deisce **agus** taighde allamuigh a rinne Luke Breen, agus samplaí cuí ón téacs á n-úsáid agat. (30 marc)

**(C)** Déan plé ar an mbealach ar chuir Luke na gnéithe den chumasc margaíochta in oiriúint don **mhargadh domhanda**.

(30 marc)

(**80 marc)**



## ROINN 3
**(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

# Cuid 1

# Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

**Daoine sa Ghnó**

**Ceist 1**

**(A)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



*Chuir an banna 'Seas agus Can' an turas dá gcuid a bhí ar na bacáin ar ceal go hoifigiúil mar go bhfuair a n-amhránaí, Richard Stears, bás.*

(i) Mínigh an modh chun an conradh dleathach dá dtagraítear sa téacs thuas a fhoirceannadh.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** mhodh eile chun conradh dleathach a fhoirceannadh, agus tabhair sampla i n**gach** cás. (25 marc)

**(B)** Léirigh an tionchar a bhíonn ag díospóidí trádála ar aon **trí** cinn de na páirtithe leasmhara i ngnólacht. (15 mharc)

**(C)** Faoi théarmaí na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007, mínigh na forais i gcomhair dífhostú a mheastar a bheith **cóir**. (20 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre**

**Ceist 2**

**(A)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair an cheist ina dhiaidh.

*Ag do **chomhar creidmheasa**, is mó ná custaiméir thú; tá tú i do bhall de chomharchumann rathúil airgeadais.* ***https://www.creditunion.ie/whatweoffer/savings***

Pléigh na buntáistí atá ann do chomhar creidmheasa feidhmiú mar chomharchumann. (20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le méadú ar an bhfostaíocht. (25 marc)

**(C)** Déan measúnú ar éifeachtacht Fhiontraíocht Éireann maidir le cabhair a thabhairt do ghnólachtaí Éireannacha dúchasacha. (15 mharc)

**(60 marc)**

## Timpeallacht Idirnáisiúnta

**Ceist 3**

**(A)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair an cheist ina dhiaidh.

> *"Theip ar Éirinn €13 bhilliún de chánacha atá dlite ó Apple a bhailiú."*
> ***www.rte.ie***

Déan measúnú ar na deiseanna **agus** ar na dúshláin do gheilleagar an hÉireann atá ann mar thoradh ar chuideachtaí ilnáisiúnta eachtracha (CIN-anna) a bheith ag lonnú in Éirinn. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra.

(20 marc)

**(B)** *Rinne ballraíocht san* ***Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta*** *(AEA) maitheas don ghnó in Éirinn*.
An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna le do fhreagra.

(20 marc)

**(C)** Mínigh na téarmaí seo a leanas maidir leis an trádáil idirnáisiúnta:

- Bloc trádála
- Taraifí
- Lánchosc
- Fóirdheontais.

(20 marc)

**(60 marc)**

## ROINN 3
## Cuid 2
## Fiontraíocht

**Fiontraíocht / Bainistíocht**

**Ceist 4**

**(A)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ghabh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) Ryanair, Michael O'Leary, leithscéal as ucht eitiltí a bheith curtha ar ceal. Admhaíonn an aerlíne "go ndearna sí praiseach de phleanáil shaoire na bpíolótaí."* ***Foinse: Arna chur in oiriúint ó* The Irish Times*, 2017***

(i) Léirigh do thuiscint ar an téarma **plean teagmhais**.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann leis an bpleanáil d'aerlíne mar Ryanair. Bíodh tagairt agat i do fhreagra do pleanáil straitéiseach, fheidhmiúil agus daonchumhachta. (25 marc)

**(B)** (i) Mínigh 'tosaíochtaí na riachtanas' a d'fhorbair Maslow ina theoiric faoin inspreagadh.

(ii) Pléigh na teorainneacha a d'fhéadadh a bheith leis an teoiric sin faoin inspreagadh.

(25 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis go m'fhéidir go rachadh duine leis an bhfiontraíocht.

(10 marc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht / Gnó i nGníomh**

**Ceist 5**

**(A)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair an cheist ina dhiaidh.




*Saincheadúnas mearbhia Éireannach is ea **Supermac's** a bhunaigh Pat McDonagh i mBéal Átha na Sluaighe 40 bliain ó shin. I mí na Bealtaine 2017, thug **Supermac's** an duais do "Shaincheadúnas na Bliana" abhaile leo ag Gradaim Shaincheadúnais na hÉireann.*
***Foinse: www.hospitalityireland.com***

Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na míbhuntáistí do ghnólacht in earnáil an mhearbhia a bhaineann le saincheadú a roghnú **mar bhealach chun gnólacht a fhairsingiú**.

(20 marc)

**(B)** Dréachtaigh litir ghnó, agus dáta an lae inniu á úsáid agat, ó Bhainistíocht Riosca Phoenix Teo. chuig an miondíoltóir mearbhia Burgair Ricardo Teo. I do litir, cuir in iúl cad iad na príomhchineálacha árachais ba chóir a bheith ag Burgair Ricardo Teo. **agus** tabhair breac-chuntas ar bhealaí ina bhféadfaidís rioscaí gnó a laghdú a oiread agus is féidir. Úsáid ainmneacha agus seoltaí bréige. (25 marc)

**(C)** Pléigh na tosca ba chóir do ghnólacht a chur san áireamh sula n-athraíonn sé ó mhodh baisctháirgthe go modh olltáirgthe (modh sreabhtháirgthe). (15 mharc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht**

**Ceist 6**

**(A)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair an cheist ina dhiaidh.

*Cuid an-tábhachtach dár ngnó is ea Clár na mBainisteoirí Ceantair. Is é cumas na ndaoine atá sna siopaí againn an difear is mó idir muid féin agus ár gcuid iomaitheoirí.* ***Source: www.aldirecruitment.ie***

Pléigh an ról atá acu seo a leanas maidir le Bainisteoir Ceantair do shraith mhór ollmhargaí a earcú agus a roghnú go héifeachtach:

**Sonraíocht faoin bPearsa;** **Sainchuntas Poist;** **Agallamh Painéil.**

(20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar stíl cheannaireachta chuí **amháin** a d'fhéadfadh bainisteoir in asraon miondíola a ghlacadh chuige féin, agus tabhair cúiseanna le do rogha. (20 marc)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Is bainisteoir le Saoirí Spraoi-Imeachtaí Teo. é Ben Caffrey agus tuilleann sé €55,000 mar olltuarastal* ***bliantúil****. Cuireann a fhostóir dearbhán saoire ar fiú €5,000 é ar fáil dó. Caitear leis sin mar ioncam i dtaca le cúrsaí cánach de agus gearrtar cáin dá réir air.*

Taispeántar eolas cánach Ben ar an tábla seo a leanas.

| | | |
|---|---|---|
| **ÍMAT** | | |
| 20% ar an gcéad €34,550 | 40% ar fhuílleach a ollioncaim. | |
| **Creidmheasanna Cánach** | | |
| Creidmheas Cánach maidir le Duine Singil €1,650 | Creidmheas Cánach ÍMAT €1,650 | Creidmheas Cánach maidir le Gaol Cleithiúnach €70 |
| **MSU** | | |
| 0.5% ar an gcéad €12,012 | 2% ar an gcéad €7,360 eile | 4.75% ar fhuílleach a ollioncaim |
| **ÁSPC** | | |
| Íocann Ben ÁSPC an fhostaí ag 4% dá ollioncam | | |

Ríomh **gach ceann** díobh seo a leanas (**taispeáin do chuid oibre**):

(i) An ÍMAT atá le híoc ag Ben

(ii) Méid iomlán an MSU

(iii) Méid iomlán an ÁSPC

(iv) Glanphá **bliantúil** Ben.

(20 marc)

**(60 marc)**

**Tá Ceist 7 ar an gcéad leathanach eile**

## Gnó i nGníomh

### Ceist 7

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Cuideachta mhilseogra is ea* ***Cadbury*** *atá ag feidhmiú ó 1932. Táirgeann sí roinnt brandaí seacláide a bhfuil eolas forleathan, leithéidí* ***Dairy Milk, Crunchie, Flake, Milk Tray, Roses*** agus ***Creme Eggs****. Is é Dairy Milk an branda atá sa chéad áit i margadh seacláide na hÉireann.*




**(A)** (i) Tarraing léaráid de shaolré táirge **agus** mínigh gach céim.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh a d'fhéadfadh gnólacht a chur san áireamh chun fad a chur le saolré táirge.

(25 marc)

**(B)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tá níos mó á chaitheamh ag Éireannaigh ar an tseacláid ná riamh cheana – agus deir saineolaithe margaíochta go mb'fhéidir gur ar sheirbhísí sruthaithe scannán mar Netflix atá cuid den locht faoin méid breise atá á chaitheamh againn ar an tseacláid de bhrí go bhfuil níos mó againn ag fanacht istigh agus sólaistí á n-ithe againn le linn dúinn a bheith ag féachaint ar scannán nó ar an gclár teilifíse is ansa linn.*

**Foinse: *Irish Independent*, Iúil 2017**

(i) Pléigh na buntáistí a bhainfeadh déantóir mór seacláide as **deighilt an mhargaidh**.

(ii) Léirigh **dhá** bhealach faoi leith ina bhféadfaí **margadh na seacláide** a dheighilt.

(20 marc)

**(C)** Déan measúnú ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin a bheadh ann do ghnólacht beag nuathionscanta dá roghnódh sé bealach díreach dáileacháin seachas díolacháin a dhéanamh trí mhórdhíoltóirí agus trí mhiondíoltóirí.

(15 mharc)

**(60 marc)**

**Ná déan dearmad an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an bhfreagarleabhar ina mbeidh na freagraí ar Roinn 2 agus Roinn 3.**